Monarcha Ford

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin monarcha Ford i gCorcaigh. Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. *a huge influence*

   t _ _ _ _ _ _ _ o _ _ _ _ _ _

2. *as far as industry and employment is concerned*

   ó t _ _ _ _ _ t _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ agus f _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ de

3. *heritage*

   o _ _ _ _ _ _ _ _ _

4. *during the year*

   i gc _ _ _ _ _ _ _ _ na b _ _ _ _ _

5. *engineering company*

   c _ _ _ _ _ _ _ _ i _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

6. *models*

   m _ _ _ _ _

7. *wood machinist*

   m _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ a _ _ _ _ _ _

8. *quiet production periods*

   t _ _ _ _ _ _ _ c _ _ _ _ _ t _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

9. *stable*

   s _ _ _ _ _ _ _ _

10. *civil service*

    s _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén fáth a bhfuil monarcha Ford á ceiliúradh i gCorcaigh i mbliana?
2. Cén fáth ar cuireadh agallamh ar Jimmy Crowley?
3. Cad a bhí le rá ag Jimmy Crowley agus ag Brendan Ryan?
4. Cad é an t-aon imeacht atá dearbhaithe ag an bpointe seo don chomóradh?

Ceist 3 '…monarcha…'

Féach ar an bhfocal 'monarcha' sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal ginideach.

An tuiseal ainmneach, uatha:	an mhonarcha
An tuiseal ginideach, uatha:	lucht oibre na monarchan
An tuiseal ainmneach, iolra:	na monarchana
An tuiseal ginideach, iolra:	lucht oibre na monarchana

Anois líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den fhocal 'comharsa'. Bí cúramach, áfach; ní leanann an focal 'comharsa' an patrún céanna leis an bhfocal 'monarcha' sa tuiseal ginideach, iolra.

An tuiseal ainmneach, uatha:	_____
An tuiseal ginideach, uatha:	_____
An tuiseal ainmneach, iolra:	_____
An tuiseal ginideach, iolra:	_____

Ceist 4 '…théadh…' vs chuaigh

1. Cén aimsir atá i gceist leis an bhfocal a bhfuil líne faoi sa sampla thuas?
2. Cad is brí leis an dá abairt seo?

   Théadh muintir na háite ag obair sa mhonarcha gach lá ag a naoi a chlog.

   Chuaigh na hoibrithe ag obair sa mhonarcha inné ar a naoi a chlog.

3. Bain úsáid as na briathra thíos chun deirí na haimsire gnáthchaite a léiriú.

Dún	Ceannaigh

Ól	Fan

Ceist 5 '…*Má bhí*…'

Sin sampla d'úsáid **Má** (*if* an Bhéarla) san aimsir chaite. Seo thíos cúpla nod chun **Má** a úsáid san aimsir chaite.

- Séimhítear túschonsain a leanann **Má** san aimsir chaite, ach amháin na briathra *faigh* agus *abair.* Mar shampla:

  Má cheannaigh sí é, is dócha go dtaitníonn sé léi.
  Má fuair tú marc ard, cén fáth nach bhfuil tú sásta?
  Má dúirt sé leat an ceapaire a chaitheamh amach, caith amach é!

- Ní chaillTear an **d'** tar éis **Má** san aimsir chaite:

  Má d'ith sé dhá bhurgar, ní chuireann sé iontas orm go bhfuil sé tinn.

Cuir Gaeilge are na habairtí seo thíos anois.

1. *If you were there, I didn't see you.*
2. *Of course you need to go to the toilet, if you drank all that water!*
3. *If you succeeded in the exam, I didn't hear anything about it.*
4. *If you lost the money, Daddy will be very angry.*
5. *If you went to school, there shouldn't be any problem.*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil aon mhonarcha mhór i do cheantar féin a chuireann obair ar fáil do mhuintir na háite?
2. Cad iad na monarchana is mó a chuireann obair ar fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann?
3. An bhfuil sé de cheart ag an rialtas buntáistí cánach a thabhairt do chomhlachtaí móra idirnáisiúnta a lonnaíonn sa tír seo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
1. *a huge influence* – tionchar ollmhór
2. *as far as industry and employment is concerned* – ó thaobh tionsclaíochta agus fostaíochta de
3. *heritage* – oidhreacht
4. *during the year* – i gcaitheamh na bliana
5. *an engineering company* – comhlacht innealtóireachta
6. *models* – múnlaí
7. *wood machinist* – meaisíneoir adhmaid
8. *quiet production periods* – tréimhsí ciúine táirgeachta
9. *stable* – seasmhach
10. *civil service* – státseirbhís

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
An tuiseal ainmneach, uatha: an chomharsa
An tuiseal ginideach, uatha: teach na comharsan
An tuiseal ainmneach, iolra: na comharsana
An tuiseal ginideach, iolra: tithe na gcomharsan

Ceist 4
1. An aimsir ghnáthchaite.
2. *The locals used to go to work in the factory every day at nine o'clock.* **agus** *The workers went to work at the factory yesterday at nine o'clock*.
3.

Dún	Ceannaigh
dhúnainn	cheannaínn
dhúntá	cheannaíteá
dhúnadh sé	cheannaíodh sé
dhúnadh sí	cheannaíodh sí
dhúnaimis	cheannaímis
dhúnadh sibh	cheannaíodh sibh
dhúnaidís	cheannaídís
Sb.	Sb.
dhúntaí	cheannaítí

Ól	Fan
d'ólainn	d'fhanainn
d'óltá	d'fhantá
d'óladh sé	d'fhanadh sé
d'óladh sí	d'fhanadh sí
d'ólaimis	d'fhanaimis
d'óladh sibh	d'fhanadh sibh
d'ólaidís	d'fhanaidís
Sb.	Sb.
d'óltaí	d'fhantaí

Ceist 5
1. Má bhí tú ann, ní fhaca mé thú.
2. Is cinnte go gcaithfidh tú dul go dtí an leithreas, má d'ól tú an t-uisce sin ar fad!
3. Má d'éirigh leat sa scrúdú, níor chuala mé aon ní faoi.
4. Má chaill tú an t-airgead, beidh an-fhearg ar Dhaidí.
5. Má chuaigh tú ar scoil, níor cheart go mbeadh aon fhadhb ann.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Céad bliain i mí Aibreáin seo chugainn a bhunaigh Henry Ford monarcha i gCorcaigh. Bhí tionchar ollmhór ag an monarcha Ford ar an gcathair ó thaobh tionsclaíochta agus fostaíochta de, agus táthar leis an oidhreacht sin a cheiliúradh i gcaitheamh na bliana.

Grett O'Connor
Is i mí Aibreáin 1917 a chláraigh Henry Ford comhlacht innealtóireachta i gCorcaigh. In ainneoin an Chéad Chogaidh Dhomhanda[1], d'éirigh leis an gcomhlacht dul i dtreise. Tarracóirí Fordson a bhí á gcur le chéile ar dtús ann ach, de réir a chéile, tógadh na múnlaí gluaisteáin ar fad ba mhó le rá a bhí ag Ford: an *model T*, mar shampla, an *Prefect*, *Anglia*, *Sierra*, *Escort* agus *Cortina*.

Tá an ceoltóir agus an cumadóir Jimmy Crowley i measc na mílte Corcaíoch go[2] raibh an comhlacht Ford mar chuid dá saol. Nuair a briseadh a athair as a phost mar mheaisíneoir adhmaid, b'éigean dó dul ag obair sa mhonarcha Ford in Dagenham na Breataine, áit ina raibh beirt uncailí le Jimmy ag obair cheana féin. Is thall ansin a théadh an-chuid d'oibrithe Ford i gCorcaigh le linn tréimhsí ciúine táirgeachta.

Jimmy Crowley, Ceoltóir agus Cumadóir
Táimid ag caint ar lucht Apple sa lá atá inniu ann. Ba mhór an tionchar a bhí ag Henry Ford, agus ba mhór an t-airgead, dar[3] ndóigh, an dtuigeann tú? Bhí sé níos forleithne agus níos mó san am sin, agus bhí Dunlop ann leis. Bhíodar[4] ag obair ar scáth a chéile, is dócha. Agus dá mbeadh post agat le Henry Ford – mar a dúirt mo mham, 'Put your name down for Henry Ford, boy' – ní bheadh aon bhaol duit as seo amach.

Brendan Ryan, Iar-Sheanadóir, Páirtí an Lucht Oibre
Má bhí jab agat le Ford, bhí sé chomh seasmhach agus a bhí jab sa státseirbhís. B'in a cheap daoine ach b'in sna tríochaidí, sna daichidí, sna caogaidí agus caithfear cuimhneamh conas mar a bhí an tír ag an am sin. Bhí bochtanas sa tír, bhí an-bhochtanas faoin dtuath[5], agus teacht isteach go dtí an chathair agus jab a fháil in Ford – do bhí … a raibh pá réasúnta maith ann – b'iontach an t-athrú[6] é do dhaoine agus cheap daoine gur mar sin a leanfadh sé i gcónaí.

Grett O'Connor
Tá clár imeachtaí leagtha amach ag Ford Ireland don chomóradh céad bliain. Fógrófar sonraí na n-imeachtaí sin diaidh ar ndiaidh i rith na bliana. An t-aon rud atá dearbhaithe acu cheana féin ná go mbeidh dinnéar foirmiúil ar siúil i Halla na Cathrach ar an aonú lá is fiche de mhí Aibreáin, céad bliain is an lá ó bunaíodh monarcha de chuid Ford anseo.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *an Chéad Chogadh Domhanda* a deirtear
[2] *a raibh* an leagan caighdeánach
[3] *ar ndóigh* an leagan caighdeánach
[4] *Bhí siad* an leagan caighdeánach
[5] Córas na Mumhan
[6] *an athrú* a deirtear